

LEATHANACH 340

Dé Luain, 3 Feabhra 2020

An tSraith Peile: cluiche iontach!

Mar is eol do chách, bhuaigh Baile Átha Cliath an chraobh peile don chúigiú huair in 2019. D'éirigh leo an bua a fháil ar Chiarraí cé go raibh orthu an cluiche ceannais a imirt faoi dhó toisc gur chríochnaigh an chéad chluiche ar comhscór.

Thosaigh an tsraith peile an deireadh seachtaine seo caite agus arís bhí Baile Átha Cliath agus Chiarraí ag imirt i gcoinne a chéile i bPáirc an Chrócaigh. Is cosúil go raibh níos mó ná leathmhilliún duine ag breathnú ar an gcluiche!

Bhí atmaisféar iontach ann toisc go raibh an dá thaobh gob ar ghob go dtí deireadh an chluiche. Bhí naoi nóiméad am cúitimh ann.

Is é David Clifford an captaen nua d'fhoireann Chiarraí agus fuair sé pointe ag deireadh an chluiche. Comhscór a bhí ann de bharr an chic seo. Siamsaíocht den chéad scoth!



Coco Gauff san Open Astrálach

Bhí an Open Astrálach ar siúl san Astráil le coicís anuas. Is comórtas ollmhór leadóige é.

Bhí cailín óg Meiriceánach ann darb ainm Coco Gauff agus sheas sí amach ó gach imreoir eile. Níl an cailín seo ach cúig bliana déag d'aois.

Ba í an t-imreoir is óige sa chomórtas í. Bhí bua thar cionn aici i gcoinne Venus Williams. Ar deireadh chaill sí cluiche sa cheathrú babhta i gcoinne Sofia Kenin.

Is í Sofia Kenin an t-imreoir a bhuaigh an comórtas i mbliana.



Peace Proms 2020

Bhí ceolchoirmeacha iontacha ar siúl san RDS i mBaile Átha Cliath thar an deireadh seachtaine. Bhí 2500 páiste ó scoileanna difriúla ag gach ceolchoirm chun canadh le ceolfhoireann.

Cé nach raibh a lán deiseanna acu chun cleachtadh a dhéanamh, bhí siad go hiontach ag canadh le chéile.

Bhí ceolchoirmeacha acu i nGallimh an mhí seo caite agus beidh siad i mBéal Feirste agus i bPort Láirge an mhí seo chugainn.



Na Gaeil Óga

Is Club CLG i mBaile Átha Cliath iad na Gaeil Óga. Ní gnáthclub iad, áfach, is club iad a imríonn trí mheán na Gaeilge.

De réir físeán nua atá curtha amach ar líne, is ceann de na clubanna is mó fás in Éirinn iad na Gaeil Óga. Thosaigh an club le seachtar in 2010.

Chuaigh an fhoireann ó neart go neart ó shin agus anois tá níos mó ná cúig chéad duine ag imirt leis na Gaeil Óga.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscolaíochta

